# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
# ROINN B

**(160 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH 2003 - MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **CEITHRE** cheist ar bith le freagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le, nuair is cuí, Fóilíónna agus dátaí a thaispeánfaidh an lá, an mhí agus an bhliain. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair A agus B. Is ceist faoi Bhuiséad Teaghlaigh í seo.**

**A.** I ndeireadh Roinn A, tá foirm Bhuiséid phearsanta do Mhuintir Phluincéid do 2003 nach bhfuil críochnaithe. Iarrtar ort an fhoirm seo a chomhlánú trí na figiúirí don cholún "Meastachán Aibreán go Nollaig" a líonadh, chomh maith leis an gcolún "Iomlán don bhliain". Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh.

- Tá súil ag Seosamh le €120 breise a thuilleamh ar ragobair i nDeireadh Fómhair agus Samhain agus gheobhaidh sé bónas laethanta saoire de €400 i Meitheamh 2003.
- Beidh Máire ag postroinnt ó 1 Deireadh Fómhair agus beidh laghdú de 40% ar a tuarastal dá bharr sin.
- Tiocfaidh ardú ar shochar leanaí go €110 in aghaidh na míosa ó 1 Iúil 2003.
- Beidh an morgáiste tí íoctha go hiomlán tar éis íocaíocht Mheán Fómhair.
- Tá an t-árachas gluaisteáin iníoctha go míosúil agus tiocfaidh ardú air ó 1 Meán Fómhair go €50 in aghaidh na míosa.
- Seasfaidh speansais teaghlaigh ar an leibhéal céanna go dtí deireadh Mheán Fómhair agus tiocfaidh ardú orthu de 10% ó thús Deireadh Fómhair 2003.
- Ceaptar go seasfaidh costais reatha gluaisteáin ag €90 in aghaidh na míosa chomh maith le costas breise de €160 i Mí Iúil le haghaidh bonn nua agus costas seirbhíse don ghluaisteán de €130 i Samhain 2003.
- Meastar €680 a bheith ar BSL (ESB) don 12 mhí Ean. - Noll. 2003.
- Íoctar as an teileafón gach dara mí agus meastar go seasfaidh an costas ar an leibhéal céanna le tús na bliana.
- Ceaptar go gcosnóidh bronntanas pósta €130 i mBealtaine agus bronntanais Nollag €280 i Mí na Nollag.
- Beidh costas €180 ar an meán in aghaidh na míosa ar shiamsaíocht don 9 mí atá fágtha sa bhliain.
- Meastar go gcosnóidh laethanta saoire teaghlaigh €1,500 i Mí Iúil. **(30)**

**B.** Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh ag deireadh Roinn A, leathanach 8.

(i) As **na trí mhí tosaigh den bhliain**, ainmnigh mí ar bith a raibh orthu iasacht a fháil agus an méid a fuair siad ar iasacht. **(4)**

(ii) Luaigh **dhá** chúis go ndéanfadh teaghlach éileamh faoin bpolasaí árachais tí. **(6)**

**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo a bhaineann le Baincéireacht.**

**A.** Fuair Seán Ó Laighin fostaíocht bhuan le déanaí agus tá sé ag smaoineamh ar chuntas bainc a oscailt. Cuireadh comhairle air go mb'fhearr a d'oirfeadh cuntas reatha dá chuid riachtanas.

(i) Ainmnigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cuntas reatha sa bhanc. **(4)**

(ii) Liostaigh **trí** bhealach chun airgead a aistarraingt ó chuntas reatha. **(6)**

(iii) Mínigh cad is ciall leis an téarma "seic rite". **(2)**

(iv) Dá mbeadh seic rite ag cara leat cén chomhairle a chuirfeá air/uirthi? **(3)**

**B.** Nuair a bhíonn cuntas bainc á oscailt, bíonn ar chustaiméirí nua cruthúnas aitheantais a chur ar fáil.

(i) Ainmnigh **dhá** dhoiciméad a d'fhéadfadh Seán a thaispeáint mar chruthúnas aitheantais. **(6)**

**C.** Luaigh **trí** choinníoll nach mór do Sheán a shásamh sula ligtear dó a chuntas a ró-tharraingt. **(9)**

**D.** Tá cuntas reatha Uimh. 76815534 ag Seán Ó Laighin, Bóthar Pháirc na bhFianna, Sligeach, i mBanc Aontas Éireann, Sligeach. Ar 1 Meitheamh 2003 d'aistarraing Seán €400 óna chuntas.

Abair gur tusa Seán Ó Laighin; comhlánaigh an fhoirm aistarraingte agus tú ag baint úsáide as an doiciméad bán a thugtar i ndeireadh Roinn A, leathanach 9, ón eolas atá tugtha thuas. **(10)**

**(40 marc)**

**THALL →**

**3.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Chuntas Club.**

Coinníonn Club Surfála na dTonnta Thoir taifid de na híocaíochtaí beaga airgid thirim i Leabhar Mionairgid de réir córas óinchiste. Déantar an t-óinchiste a athshlánú ar an gcéad lá de gach mí.

Tharla na bearta seo a leanas i rith Mí Bealtaine 2003.

| **2003** | | **Uimh. Dearbháin** | **€** |
|---|---|---|---|
| Bealtaine 1 | Iarmhéid ar láimh | | 40 |
| Bealtaine 1 | Airgead faighte ón bPríomhairgeadóir chun an t-óinchiste a athshlánú | | 260 |
| Bealtaine 3 | Cheannaigh ábhair ghlantacháin | 1 | 38 |
| Bealtaine 4 | D'íoc as béile do chuairteoirí | 2 | 41 |
| Bealtaine 6 | Cheannaigh stampaí poist | 3 | 7 |
| Bealtaine 8 | D'íoc as páipéar cóipeála | 4 | 15 |
| Bealtaine 16 | D'íoc 'First Track" chun beartán a sheachadadh | 5 | 24 |
| Bealtaine 23 | D'íoc pá an lucht glantacháin | 6 | 75 |
| Bealtaine 24 | Thug síntiús déirce | 7 | 40 |
| Bealtaine 28 | Cheannaigh stáplaí & seillitéip | 8 | 23 |
| Bealtaine 29 | Cheannaigh bláthanna don oifig | 9 | 12 |

**A.** Comhlánaigh agus comhardaigh Leabhar an Mhionairgid do Mhí Bealtaine 2003. Athshlánaigh an t-óinchiste. Bain úsáid as na colúin mhiondealaithe seo: Postas, Stáiseanóireacht, Glantachán, Speansais Eile.

**(23)**

**B.** Taispeáin breacadh iomláin na gcolún miondealaithe do na cuntais atá acu sa mhórleabhar. Bain úsáid as na cuntais atá tugtha i ndeireadh Roinn A, leathanach 9.

**(8)**

**C.** Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh i ndeireadh Roinn A, leathanach 9.

(i) Cén t-óinchiste a bhíonn ag an Mionairgeadóir don mhí? **(3)**

(ii) Mínigh cad is ciall le córas an óinchiste agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann lena úsáid. **(6)**

**(40 marc)**

**THALL →**

**4.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Thrádáil Idirnáisiúnta agus comhardú na nÍocaíochtaí.**

Tá an trádáil idirnáisiúnta riachtanach do leas agus rath gheilleagar na hÉireann.

**A.** (i) Cén tír is mó a ndéanann Éire trádáil léi? **(3)**

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le hallmhairí don tomhaltóir Éireannach. **(3)**

(iii) Luaigh cúis **amháin** go mbaineann tábhacht le honnmhairí do leas gheilleagar na hÉireann? **(3)**

(iv) Luaigh deacracht **amháin** a bheadh ar ghnólacht Éireannach agus é ag onnmhairiú earraí. **(3)**

**B.** Bíonn trádáil idirnáisiúnta sofheicthe agus dofheicthe.

(i) Luaigh **dhá** shampla d'allmhairí dofheicthe na hÉireann. **(6)**

**C.** Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta tíre darb ainm Agohin don bhliain 2002.

| | € |
|---|---|
| Onnmhairí Sofheicthe | 9 billiún |
| Onnmhairí Dofheicthe | 18 billiún |
| Allmhairí Sofheicthe | 13 billiún |
| Allmhairí Dofheicthe | 6 billiún |

Ríomh na figiúirí trádála seo a leanas maidir le Agohin agus abair an barrachas nó easnamh iad. **Taispeáin d'oibriúcháin**.

(i) Comhardú na Trádála.

(ii) Comhardú na nÍocaíochtaí.

**(12)**

**D.** Tugadh luachan de stg£18,600 d'allmhaireoir Éireannach ar ghluaisteán nua i ngaráiste Sasanach.

| | **Díolann an Banc** | **Ceannaíonn an Banc** |
|---|---|---|
| **Sterling** | **61.71** | **62.34** |

(i) Ríomh costas an ghluaisteáin in Euro. **(6)**

(ii) Luaigh bealach oiriúnach **amháin** go bhféadfadh an t-allmhaireoir Éireannach an garáiste Sasanach a íoc. **(4)**

**(40 marc)**

**THALL →**

**5.** **Freagair GACH roinn. Ceist Chomhairle don Tomhaltóir í seo.**

**A.** (i) Ainmnigh clár **amháin** Teilifíse nó Raidio agus nuachtán **amháin** nó alt in iris a chuireann comhairle ar thomhaltóirí faoi earraí, seirbhísí agus cúrsaí airgeadais**.** **(6)**

(ii) Sainaithin **dhá** ghníomh a bhaineann le tomhaltóir maith. **(6)**

B. Thug do stáisiún raidio áitiúil cuireadh duit a bheith ar phainéal chun comhairle a chur ar an lucht éisteachta maidir lena bhfadhbanna mar thomhaltóirí. Cén chomhairle a chuirfeá maidir leo seo a leanas:

- Bhí teach ag Scairteoir Uimh. 1 a raibh luach €140,000 air agus chuir sé faoi árachas €100,000 é. Rinne tine damáiste don teach a chosain €56,000 lena dheisiú. Teastaíonn ón scairteoir a fháil amach cén cúiteamh a dhéanfaí a thairiscint agus cén fáth.

  (i) Ríomh méid cruinn an chúitimh ar cheart don scairteoir a fháil. **(3)**

  (ii) Ainmnigh, don scairteoir, an clásal árachais atá i gceist sa chás seo. **(3)**

**C.** Cheannaigh Scairteoir Uimh, 2 citeal leictreach ina siopa earraí leictreacha áitiúil ar €80 agus d'íoc le seic. Nuair a baineadh úsáid as, mhúch an citeal uaidh féin sula raibh an t-uisce bruite go hiomlán. Rinne Sorcha gearán le húinéir an tsiopa an lá i ndiaidh é a cheannach ach dhiúltaigh sé déileáil leis an bhfadhb agus mhol di teagmháil a dhéanamh leis an déantóir.

(i) Cén ceart atá ag Sorcha sa dáil seo? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. **(6)**

(ii) Cad ba cheart di a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach go luath? **(3)**

**D.** Bhí Scairteoir Uimh. 3 ag smaoineamh ar €12,000 a fháil ar iasacht ar feadh trí bliana agus tá sé sásta €4,000 a aisíoc den iasacht, móide aon ús a bheadh dlite, i ndeireadh na bliana.

Thairg Celtic Finance an t-airgead ar ráta comhréidh de 8% in aghaidh na bliana.

Thairg Hibernian Finance an t-airgead ar 10% R.C.B. (A.P.R.)/Fíor-ráta.

(i) Ríomh an t-ús iomlán ar an iasacht má fhaightear ó Celtic Finance í.

(ii) Ríomh an t-ús iomlán ar an iasacht má fhaightear ó Hibernian Finance í. **(13)**

**(40 marc)**

**THALL →**

**6.** **Freagair GACH roinn. Ceist faoi Dhaoine ag Obair agus Litreacha a Scríobh í seo.**

Bhí an fógra seo a leanas i nuachtán le déanaí:

| | |
|---|---|
| | **SWIFT ELECTRONICS** |
| **De dhíth:** | **Teicneoir-Leictreoir** le bheith mar bhall dár bhfoireann cothabhála |
| **Cáilíochtaí:** | Cáilíocht in Innealtóireacht Leictreonach<br>Taithí oibre dhá bhliain |
| **Iarratasóir:** | Ba cheart go mbeadh sé/sí in ann d'obair chrua, oibriú as a stuaim féin agus le scileanna maithe cumarsáide |
| **Iarratas chuig:** | An Bainisteoir Acmhainní Daonna<br>Swift Electronics<br>Mainistir Fhear Maí<br>Co. Chorcaí |
| **Dáta deiridh:** | 1 Meitheamh 2003 |
| | Is fostóir comhionannais é SWIFT ELECTRONICS |

Tá Seán Ó Muirí 25 bliana d'aois agus cónaíonn sé ag 6, Ascaill Labhráis, An Trá Mhór, Co. Phort Láirge. Rinne sé staidéar ar an leictreonachas in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ó 1997 go 2000 agus cháiligh sé le Dioplóma go Céad Onóracha in Innealtóireacht Leictreonach. Tá sé ag obair le Instomtec Tta., Ceatharlach ar feadh na dtrí bliana seo caite.

**A.** (i) Scríobhann tusa, mar Sheán Ó Muirí, litir dar dáta 22 Bealtaine 2003, ag cur isteach ar an bpost agus ag tabhairt na sonraí pearsanta ábhartha uile agus á rá go bhfuil tú ar fáil d'agallamh. **(16)**

(ii) Ainmnigh **dhá** fhoinse eolais faoi fholúntais do phostanna seachas an nuachtán. **(6)**

(iii) Ainmnigh **beirt** duine a d'fhéadfadh Seán Ó Muirí a thabhairt mar theistiméirí más gá. **(6)**

(iv) Ainmnigh **dhá** riachtanas don phost. **(6)**

**B.** D'éirigh le hiarratas Sheáin ar an bpost agus tuillfidh sé €28,000 comhlán in aghaidh na bliana. Is é an ráta cánach ná 20 cent san Euro. Tá creidmheas cánach €2,480 aige.

(i) Ríomh a bhille cánach don bhliain. **(6)**

**(40 marc)**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán